Aguisín B

Líon na rolluithe a theastaíonn don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus mar Leas-Phríomhoide Riaracháin i nGnáthscoileanna, i nGaeilscoileanna agus i Soileanna Náisiúnta Gaeltachta don scoilbhliain 2021/22

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar Phríomhoide Riaracháin sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2020**
Gnáthscoileanna, Gaeilscoileanna, Scoileanna Gaeltachta	175 dalta (112 dhalta* má tá dhá rang Neamhord Speictream an Uathachais á n-oibriú)

*Ceadófar post breise le haghaidh róil mar Phríomhoide Riaracháin i gcás go bhfuil rollú idir 112 agus 174 sa scoil ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá dhá rang Neamhord Speictream an Uathachais á n-oibriú.

Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar Leas-Phríomhoide Riaracháin sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2020**
Gnáthscoileanna, Gaeilscoileanna, Scoileanna Gaeltachta	602 dalta
Scoileanna príomhshrutha ina bhfuil cúig rang speisialta nó níos mó ná sin do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta íosmhinicíochta acu	Ní shonraítear aon rollú dó sin

Na rolluithe a theastaíonn don ról mar Phríomhoide Riaracháin agus mar Leas-Phríomhoide Riaracháin i mBunscoileanna DEIS Bhandaí Uirbeacha 1 agus 2 don scoilbhliain 2021/22

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar Phríomhoide Riaracháin sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2020**
Banda 1 DEIS	115 dalta (80 dalta** má tá dhá rang Neamhord Speictream an Uathachais á n-oibriú)
Banda 2 DEIS***	142 dalta (112 dalta*** má tá dhá rang Neamhord Speictream an Uathachais á n-oibriú)

** Ceadófar post breise le haghaidh róil mar Phríomhoide Riaracháin i gcás go bhfuil rollú idir 80 agus 114 sa scoil ar an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá dhá rang Neamhord Speictream an Uathachais á n-oibriú.

*** Ceadófar post breise le haghaidh róil mar Phríomhoide Riaracháin i gcás go bhfuil rollú idir 142 agus 174 sa scoil ar an 30 Meán Fómhair 2020 (112 agus 174 má tá dhá rang Neamhord Speictream an Uathachais á n-oibriú).

- Tá liosta na dtairseach rollaithe don ról mar Leas-Phríomhoide Riaracháin sa tábla thíos:

An Cineál Scoile	**An Rollú Íosta ar an 30 Meán Fómhair 2020**
Banda 1 DEIS	500 dalta
Banda 2 DEIS	602 dalta
Scoileanna DEIS Banda 1 agus Banda 2 ina bhfuil cúig rang speisialta nó níos mó do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta íosmhinicíochta acu	Ní shonraítear aon rollú dó sin